Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 18 Iúil 2022
(OR. en)

11320/22

LIMITE

COASI 101
ASIE 42
ASEM 14
COPS 348
COHOM 77
MARE 56
COMPET 604
CONOP 59
CT 146
EDUC 272
ENV 746
GENDER 128
POLCOM 77
SAN 460
CYBER 266

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Plean Gníomhaíochta AE-ASEAN 2023-2027<br>- Formheas ionstraime neamhcheangailtí |

1. An 13 Meitheamh 2022, d'fhormheas an Chomhairle tús na caibidlíochta ar Phlean Gníomhaíochta chun Comhpháirtíocht Straitéiseach AE-ASEAN a chur chun feidhme don tréimhse 2023-2027 (9691/22).

2. Déanann ASEAN pleananna gníomhaíochta a tharraingt suas le gach ceann dá chomhpháirtithe foirmiúla idirphlé. Comhaontaíodh an plean gníomhaíochta deireanach den sórt sin leis an Aontas Eorpach in 2017 don tréimhse 2018-2022. De réir an chleachtais chaighdeánaigh, formheasann ASEAN na pleananna gníomhaíochta sin leis an gcomhpháirtí idirphlé ábhartha ag an gcomhdháil iar-aireachta díreach roimh thréimhse an phlean gníomhaíochta nua. I mbliana, beidh an Chomhdhálacha Iar-Aireachta ar siúl an 4 Lúnasa 2022 sa Chambóid.

3. Cumhdófar leis an bPlean Gníomhaíochta gníomhaíochtaí a bhaineann le ‘trí cholún’ ASEAN, eadhon comhar polaitiúil agus slándála (lena n-áirítear cearta an duine agus dea-rialachas), comhar eacnamaíoch agus comhar soch-chultúrtha (lena n-áirítear an tsláinte phoiblí, bainistiú tubaistí agus an comhshaol), chomh maith le comhar trasearnála i réimsí amhail an nascacht nó an geilleagar ciorclach. Ní bheidh aon ghealltanas dlíthiúil i gceist leis.

4. An 14 Iúil 2022, phléigh an Mheitheal um an Áise-Aigéine (COASI) an dréacht is déanaí den Phlean Gníomhaíochta (WK 7490/22 REV2). Leanfar leis an gcaibidlíocht ar an téacs go dtí tús na Comhdhála Iar-Aireachta.

5. Chuir na Ballstáit i bhfios go láidir nár cheart do theanga an Phlean Gníomhaíochta a bheith difriúil le teanga chomhaontaithe an Aontais. Ina theannta sin, d’iarr siad ar SEGS, an t-idirbheartaí, an tslándáil bia a choinneáil mar ábhar comhoibriúcháin AE-ASEAN agus féachaint leis an tagairt don smacht reachta agus don chomhréireacht a choinneáil i gcomhrac na sceimhlitheoireachta. Iarradh freisin go gcuirfí béim níos mó ar ról lárnach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1982 maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS). Ar deireadh, d’iarr na Ballstáit ar SEGS féachaint le leibhéal na huaillmhéine maidir le mná, síocháin agus slándáil a choinneáil ar bun.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- téacs Phlean Gníomhaíochta AE-ASEAN 2023-2027 a fhormheas, mar a leagtar amach in 11386/22 é, agus

- a aontú, i gcás inar gá tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar an téacs chun a áirithiú go dtiocfar ar chomhaontú faoin tráth a bheidh an Comhdháil Iar-Aireachta ar siúl, go bhféadfar an téacs a oiriúnú dá réir, ar choinníoll nach ndéanfaidh na hathruithe difear do shubstaint ná d’intinn sheasaimh an Aontais.

PUBLIC